Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte 2026

14 mbliana agus 18 bhliain d'aois

UK Safer Internet Centre

nominet

Teicneolaíocht chliste, roghanna sábháilte

fiosrú ar úsáid shábháilte fhreagrach IS

Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte

Déantar an Lá le haghaidh Idirlíon Níos Sábháilte a cheiliúradh ar fud an domhain gach Feabhra le cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid shábháilte dhearfach na teicneolaíochta digití do pháistí agus do dhaoine óga, agus le comhrá náisiúnta a spreagadh fá úsáid teicneolaíochta ar bhealach freagrach, measúil, breithiúnach, agus cruthaitheach. Beidh Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte 2026 ar an 10 Feabhra.

Sa Ríocht Aontaithe, is é UK Safer Internet Centre (UKSIC) a eagraíonn an Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte. Is comhpháirtíocht é ina bhfuil trí charthanacht - Childnet International, The Internet Watch Foundation (IWF) agus SWGfL.

UK Safer Internet Centre

Gabhann muid buíochas le Rialtas na Breataine Bige as a dtacaíocht leis na hacmhainní seo a aistriú go Breatnais.

Fá choinne tuilleadh acmhainní agus comhairle, tabhair cuairt ar

hwb.gov.wales/keeping-safe-online

Cefnogir gan
Lywodraeth Cymru
Supported by
Welsh Government

Tá muid buíoch as an Safeguarding Board of Northern Ireland as a dtacaíocht leis na hacmhainní seo a aistriú go Gaeilge.

Fá choinne tuilleadh acmhainní agus comhairle, tabhair cuairt ar

onlinesafetyhub.safeguardingni.org

SBNI
Safeguarding Board for Northern Ireland

Cruthaíodh na cásanna agus na solaoidí uilig sna sleamhnáin seo ar mhaith le cúinsí oideachais amhain, agus ní fíorchásanna ná fíorsholaoidí iad.

Teicneolaíocht chliste, roghanna sábháilte

Is é an téama atá againn i mbliana do Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte ná 'intleacht shaorga' nó 'IS'. Ó ghlórchúntóirí go botaí comhrá, go heitic maidir le IS ghiniúnach, cuideoidh ár n-acmhainní leat agus le d'fhoghlaimeoirí fiosrú a dhéanamh maidir leis an dóigh a dtiocfadh linn IS a úsáid go sábháilte freagrach, agus cinnte a dhéanamh de go mothaíonn achan duine cumhachtaithe le bheith oiriúnaitheach le dul i ngleic le teicneolaíocht atá ag athrú.

Tuigeann muid go dtig leis a bheith dúshlánach labhairt le páistí agus daoine óga fán teicneolaíocht nua, go háirithe muna bhfuil tú féin muiníneach i réimse na teicneolaíochta.

Tá muid ag glaoch ar an rialtas agus ar earnáil na tionsclaíochta cinnte a dhéanamh de go bhfuil sábháilteacht agus cearta leanaí croí lárnach sna forbairtí i réimse an IS.

"Do dhaoine óga atá ag baint úsáid as an teicneolaíocht seo cheana féin, ba mhaith linn tacaíocht a thabhairt dóibh na scileanna agus an muinín a fhorbairt le go ndéanfaidh siad roghanna atá sábháilte agus freagrach."

Is é seo an fáth ar chruthaigh muid liosta léitheoireachta agus acmhainní breise a dtig leat úsáid a bhaint astu, más mian leat, mar aon leis na hacmhainní seo, leis an tuiscint atá agat féin agus ag d'fhoghlaimeoirí a fhorbairt: **saferinternet.org.uk/further-resources**

Fiosrú ar úsáid shábhailte fhreagrach IS

3 bliana go 7 mbliana d'aois

Béim ar ghlórchúntóirí, tagairt theoranta ar IS

7 mbliana go 11 bhliain d'aois

Fiosraíonn sé réimse úsáidí IS atá sábháilte agus freagrach, botaí comhrá san áireamh

11 bhliain go 14 bliana d'aois

Fiosraíonn sé úsáid fhreagrach IS, lena n-áirítear botaí comhrá IS agus roghanna ar son plé a dhéanamh ar íomhánna de dhaoine atá nocht.

14 bliana go 18 mbliana d'aois

Béim ar eitic IS agus fiosrú ar fhreagrachtaí an duine aonair agus an tsochaí

Clár an Ábhair

6 **Ag úsáid na n-acmhainní seo**

7 **Gníomhaíocht:** IS Eiticiúil

13 **Gníomhaíocht:** costais agus buntáistí

20 **Gníomhaíocht:** claontacht in IS

25 **Gníomhaíocht:** Forógra IS

Ag úsáid na n-acmhainní seo

Cuir ár gcuid acmhainní in oiriúint de réir riachtanas na bhfoghlaimeoirí s'agat

Tá a fhios againn nach bhfuil achan duine óg mar an gcéanna, agus go dtiocfadh le páistí a bheith níos leochailí i dtaca le dochair ar líne má tá riachtanais speisialta san oideachas nó riachtanais bhreise acu. Is é seo an fáth a bhfuil ár gcuid acmhainní ar fad cruthaithe agus an inrochtaineacht tugtha san áireamh. Ní dhéanann muid tagairt d'aoiseanna ar leith, seachas in ainmneacha na gcomhad agus ar chlúdaigh, agus mar sin de, bí ag roghnú agus ag meascadh gníomhaíochtaí as na hacmhainní, ná bíodh leisce ort athruithe a dhéanamh más gá. Tá moltaí tugtha in achan cheann dár ngníomhaíochtaí le scafláil agus tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí, chomh maith le smaointe le dúshláin a thabhairt agus cur leis an fhoghlaim.

Moltar do chleachtóirí na gníomhaíochtaí, nó gnéithe díobh, a thabhairt isteach sa churaclam, agus na hacmhainní á gcur in oiriúint le freastal ar riachtanais uathúla na bhfoghlaimeoirí.

Bunaigh spás sábháilte

Smaoinigh ar an bhealach le timpeallacht thacúil a chruthú do dhaoine óga sa dóigh is gur féidir leo foghlaim agus labhairt fá ábhair a d'fhéadfadh a bheith conspóideach. Le smaointe a fháil, gabh chuig:
childnet.com/learning-environment

Agus a saolta ar líne faoi phlé, féadann páistí agus daoine óga buarthaí a léiriú fá rudaí a chuala siad nó a chonaic siad ar líne. Déan cinnte go bhfuil tú eolach fá na nósanna imeachta cumhdaigh is déanaí i do scoil nó i do shuíomh, agus le tuilleadh comhairle a fháil, tabhair cuairt ar: **childnet.com/safeguarding**

Bí eolach ar áiteanna ónar féidir tuilleadh eolais nó cuidithe a fháil.

Ná déan dearmad go bhfuil neart cuidithe agus comhairle ar fáil má tá tuilleadh eolais de dhíth ort fá rud ar bith eile a bhaineann le sábháilteacht ar líne. Ar an leathanach 'Need Help' atá ag The UK Safer Internet Centre, tá tuilleadh eolais ar fáil fá bhuarthaí ar leith atá agat a thuairisciú d'eagraíochtaí taobh amuigh de do scoil/suíomh:
saferinternet.org.uk/advice-centre/need-help

Is líne chabhrach saor in aisce í The Professionals Online Safety Helpline agus thig leat comhairle agus tacaíocht a fháil ansin do gach ball den lucht saothair a oibríonn ar son páistí, ar aon cheisteanna maidir le sábháilteacht ar líne:
saferinternet.org.uk/professionals-online-safety-helpline

Cuir tús ar chomhráite a mhairfidh ó cheann ceann na bliana

Tá an domhan ar líne ag athrú i rith an ama, ach is féidir tuiscint a fháil ar a bhfuil ar siúl ach dul i mbun comhrá le daoine óga fána n-eispéiris ar líne. Cuir tús leis an chomhrá inniu ach déan nós de i rith na bliana ar fad.

Thig an chiall a bhaint as roinnt de na gníomhaíochtaí seo mar go bhfuil siad ag tagairt do mhí-úsáid IS le híomhánna de dhaoine nochta a chruthú, domhainbhrionnuithe san áireamh. Iarrtar ort oiriúnacht na gcásanna ar mhaith leat iad a úsáid i dtaca leis na foghlaimeoirí a bhfuil tú ag obair leo.

Más maith leat plé níos dírithe a bheith agat ar mhí-úsáid IS le híomhánna de dhaoine nochta a chruthú, chomh maith leis an dlí ar íomhánna ginte ag an IS ina bhfuil daoine faoi 18 mbliana á léiriú (cineál íomhánna den mhí-úsáid leanaí), tá na hacmhainní seo ar fáil ó Childnet le tacaíocht ó Microsoft, ina ndéantar an topaic seo a scrúdú níos doimhne.

childnet.com/resources/ai-misuse-and-nudification/

Gníomhaíocht: IS Eiticiúil

Am

Solúbtha, ag brath ar an méid ama atá ar fáil.

Cuspóir Foghlama

- Thig liom roinnt de na saincheisteanna eitice a bhaineann le húsáid fhreagrach IS a fhiosrú.

Ábhair

- Sleamhnáin a théann le IS Eiticiúil (sleamhnáin 2 go 11).
- Treoraíocht d'Oideoirí ar IS Eiticiúil.

Treoracha molta don ghníomhaíocht

Tugann an ghníomhaíocht isteach réimse saincheisteanna eiticiúla a bhaineann le húsáid fhreagrach IS agus is féidir í a chur in oiriúint ar bhealaí eile, ag brath ar an méid ama atá ar fáil.

1. Ach úsáid a bhaint as sleamhnán 3, mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag amharc ar úsáidí éagsúla den IS agus ag smaoineamh fána dtionchar. Cuirfear an bhéim ar an eitic. Is é atá i gceist le heitic ná bealach atá ag daoine le smaoineamh fán rud a chreideann siad a bheith ceart nó contráilte ó thaobh iompraíochta de. Iarr ar na foghlaimeoirí le fáil amach an bhfuil buarthaí eiticiúla ar bith acu maidir le IS.
2. Bain úsáid as na sleamhnáin 4 go 11 le hamharc ar achan cheist eitice ar bhealach níos doimhne. In achan sleamhnán, tugtar achoimre ar an fhadhb atá faoi phlé, agus tá liosta gairid ann de cheisteanna pléite mar threoir don mhachnamh. Thiocfadh leat:
   a. Na sleamhnáin a phriontáil agus achan cheann acu a thabhairt amach do dhíseanna nó grúpaí d'fhoghlaimeoirí. Iarraidh orthu plé a dhéanamh ar an eolas a tugadh dóibh agus achoimre nó cur i láthair gairid a ullmhú, a roinnfidh siad leis an mhórghrúpa.
   b. Úsáid a bhaint as na sleamhnáin thar roinnt laethanta le plé uile-ghrúpa a éascú, ina bpléifear achan cheist mar aon leis na tionchair is féidir leo a imirt ar an duine aonair agus ar an tsochaí.

Tabhair fá deara: is féidir an téacs ar achan sleamhnán a chur in eagar, ionas gur féidir leat an sampla a thugtar a bhaint, nó cur leis, agus iarraidh ar na fhoghlaimeoirí smaoineamh fá shampla dá gcuid féin, nó díospóireacht a dhéanamh ar an cheist 'an smaoiníonn tú go bhfuil an sampla ar leith seo eiticiúil, nó nach bhfuil?'

Gníomhaíocht: IS Eiticiúil

Bealaí le tacaíocht agus scafláil a thabhairt

Roimh an tseisiún, roghnaigh na ceisteanna is ábhartha don ghrúpa, agus cuir an teanga agus an t-eolas atá á léiriú ar na sleamhnáin in oiriúint de réir mar is gá. B'fhéidir gur mian leat na ceisteanna pléite seo a úsáid mar mhalairt orthu siúd atá anois ar na sleamhnáin:

1. Cad é mar a mhothódh duine mar gheall air seo?
2. Cad é mar a thiocfadh leis seo dul i bhfeidhm ar dhuine cosúil leatsa?
3. Cad é mar a thiocfadh leis seo dul i bhfeidhm ar dhaoine eile?

Chomh maith, thiocfadh leat cuardach fá choinne scéal nuachta nó tuairisc físeáin ina gclúdaítear an cheist sula dtabharfar faoin phlé.

Bealaí le dúshláin a thabhairt agus cur leis an fhoghlaim

Úsáid a bhaint as na ráitis roghnacha ar sleamhnáin 12 agus 13 ar mhaithe le díospóireachtaí nó plé grúpa a éascú. Mar mhalairt air sin, spreag na foghlaimeoirí le taighde a dhéanamh agus a gcuid argóintí a scríobh atá 'ar son' agus 'in éadan'.

Treoraíocht d'Oideoirí ar IS Eiticiúil.

Ceist: spleáchas

Dhéanfadh daoine áirithe an argóint go raibh IS deartha ar mhaithe lenár n-éifeachtúlacht a fheabhsú agus muid ag tabhairt faoi thascanna, ach ní ar mhaithe leis an obair ar fad a dhéanamh dúinn.

Má éiríonn daoine spleách ar IS, b'fhéidir go gciallódh seo nach bhfaighidh siad an deis leis na scileanna atá acu cheana féin a chleachtadh, nó le scileanna úra a fhorbairt. Thar am, thiocfadh leis seo na scileanna a bhíonn ag duine don smaointeoireacht chriticiúil a laghdú, chomh maith lena scileanna fadhbfhuascailte. Mar aon leis sin, b'fhéidir go gcaillfeadh siad na meancóga a dhéanann IS in uaireanta sna rudaí a tháirgeann sé, agus bheadh míchruinneas mar thoradh air sin.

B'fhéidir nach mbeadh an oiread céanna comhoibrithe in áiteanna oibre de réir mar a bhíonn daoine ag brath ar IS ina ionad, rud a théann i bhfeidhm ar scileanna idirphearsanta daoine. B'fhéidir nach n-aontódh roinnt daoine le húsáid IS fá choinne tascanna ar leith ós rud é go dtabharfadh sé buntáistí nach bhfuil cothrom do dhaoine ar leith thar dhaoine eile.

B'fhéidir go ndéanfadh daoine ar leith an argóint go mbeadh eochairscileanna a bhíonn de dhíth sa tsochaí á gcailleadh má éiríonn cuid mhór daoine spleách ar IS, rud a ísleodh smaointeoireacht agus cruthaitheacht leithleach. Ach, b'fhéidir go ndéanfadh daoine áirithe an argóint gur rud maith é IS a úsáid le tascanna athfhillteacha síorghnácha a dhéanamh, rud a shábhálfadh níos mó ama do dhaoine le go mbeadh siad ábalta díriú ar an nuálaíocht agus ar an smaointeoireacht chruthaitheach.

Treoraíocht d'Oideoirí ar IS Eiticiúil.

Ceist: claontacht

Ní raibh IS deartha go speisialta le go mbeadh sí claonta, ach ní féidir leis a bheith níos cruinne ná an fhaisnéis lena n-oiltear í. Má bhíonn an fhaisnéis claonta, ansin, tabharfaidh IS torthaí claonta.

Má bhaineann duine úsáid as IS go rialta, ag glacadh le haschuir chlaonta ón IS sin, muna ndéanfaidh siad smaointeoireacht chriticiúil, tá seans ann go mbeadh drochthionchar aige sin ar an dóigh a n-amharcann siad ar dhaoine eile agus b'fhéidir go neartódh sé steiréitíopaí dochracha. Ba chóir do dhaoine a mhothaíonn nach ndéanann IS ionadaíocht dóibh go maith nó ar chor ar bith, b'fhéidir go mothódh siad an buairt, imní agus frustrachas.

Má ghlactar le haschuir chlaonta ó IS go rialta, tá an seans ann go neartódh sé steiréitíopaí dochracha maidir le caidrimh, áiteanna oibre, srl., rud a mbeadh drochthionchar aige ar shaolta daoine. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh níos lú deiseanna ag mná nó daoine as grúpaí eitneacha ar leith má bhaintear úsáid as IS mar chuid de phróisis earcaíochta, nó b'fhéidir go mbeadh leatrom ann dírithe ar dhaoine gorma, má bhaintear úsáid as IS mar chuid den phóilíneacht nó próisis bhreithiúnacha.

Mar bharr ar na heispéiris aonaracha seo, b'fhéidir go mbeadh an chlaontacht in IS ag cur leis an leatrom in aghaidh grúpaí ar leith sa tsochaí ar bhonn níos forleithne.

Nótaí d'Oideoirí:

Ar mhaithe le hanailís níos doimhne ar an chlaontacht in IS a fháil, amharc ar ghníomhaíocht 3 sna hacmhainní oideachasúla.

Treoraíocht d'Oideoirí ar IS Eiticiúil.

Ceist: Botaí comhrá IS

Má tá duine róspleách ar bhotaí comhrá IS, b'fhéidir go ndéanfar dearmad ar mhíchruinnis san oideachas a thugtar. Má bhíonn siad ag brath ar bhotaí comhrá le tacaíocht a fháil maidir le fadhbanna pearsanta (m.sh. meabhairshláinte), bíonn rioscaí ann. Ní i gcónaí a dhéanann botaí comhrá IS daoine a threorú chuig cuidiú seachtrach nó saineolaithe, agus ar an ábhar sin, ní spreagtar an t-úsáideoir rochtain a fháil ar an tacaíocht atá de dhíth orthu. B'fhéidir nach mbeidh an chomhairle a thugann an bota comhrá IS ina chuidiú sa tréimhse fhada, agus b'fhéidir go mbeadh sí dochrach sa deireadh. Ní bhíonn botaí comhrá IS deartha don chúis seo, agus ba chóir tacaíocht mheabhairshláinte a fháil ó shaineolaí oilte. Is minic a dheartar botaí comhrá leis an chomhrá atá ar siúl a spreagadh tuilleadh agus freagra a thabhairt ar bhealach a shásaíonn an t-úsáideoir. Mar sin de, gan chuimhneamh, b'fhéidir go ndearbhódh siad smaointe mífholláine agus dochracha atá ag an úsáideoir.

Má bhíonn duine éigin spleách ar bhotaí comhrá IS, tá seans go rachadh sin i bhfeidhm ar dhaoine eile ina saol fosta. Má mhothaíonn an duine go bhfreastalaíonn an bota comhrá ar a chuid riachtanais ó thaobh caidrimh le daoine de, b'fhéidir go dtabharfadh siad cúl dá gcairde agus dá muintir níos mó, agus do ndéanfadh siad neamhshuim de na caidrimh atá acu le daoine cheana féin.

Thiocfadh le duine a argóint, dá mbeadh líon mór daoine ag lorg comhairle agus tacaíochta ó IS i dtaca le meabhairshláinte, nach mbeadh tuiscint chruinn ag na seirbhísí sláinte ar éileamh ar chuidiú, agus an gá atá leis, i measc an phobail. Mar gheall air sin, tá seans ann go mbeadh níos lú maoinithe tugtha do sheirbhísí tacaíochta, rud a chruthódh fáinne fí – ní bheadh daoine ábalta rochtain a fháil ar shainchomhairle, agus is ó fhoinsí malartacha a mbeadh orthu cuidiú a fháil mar sin de, amhail IS.

Treoraíocht d'Oideoirí ar IS Eiticiúil.

Ceist: cruthaitheacht agus inspioráid

Tá IS deartha ar mhaithe le haschuir a tháirgeadh a gcuirfeadh daoine síos orthu mar rudaí atá i réim na cruthaitheachta, m.sh. íomhánna, scéalta agus ceol. É sin ráite, is iomaí duine a bhíonn ag argóint nach dtig leis smaointeoireacht chruthaitheach dhaonna a shárú go iomlán.

Déanann roinnt daoine an argóint gur féidir le IS cuidiú le cruthaitheacht duine a spreagadh, rud a thugann inspioráid, chomh maith le meán úr ar ar féidir le duine saothar digiteach a chruthú. Ach, b'fhéidir go mbeadh daoine eile buartha go dtiocfadh le róspleáchas ar na huirlisí seo srian a chur le hinniúlacht duine le saothar uathúil a chruthú. Chomh maith leis sin, ní thig le IS ach saothar a chruthú a ina ndéantar aithris ar stíleanna atá ann cheana féin, d'fhéadfá a argóint nach gcruthaíonn sí saothar uathúil ar chor ar bith.

Tá sé deacair a bheith cinnte fá cad é mar a rachaidh IS i bhfeidhm ar na healaíona agus ar thionscail chruthaitheacha. Mar gheall ar inrochtaineacht agus éascaíocht IS, b'fhéidir nach mbeadh saineolaí nó sainduine oilte de dhíth a thuilleadh le tascanna cruthaitheacha ar leith a chríochnú, agus mar gheall air sin, b'fhéidir go gcaillfeadh daoine a oibríonn i dtionscail chruthaitheacha a bpost. De réir mar a éiríonn ealaín atá ginte le húsáid IS níos coitianta, áfach, b'fhéidir go mbeadh ardú san éileamh ar dhaoine a bhfuil sainscileanna cruthaitheacha acu, nó ar dhearadh uathúil

Treoraíocht d'Oideoirí ar IS Eiticiúil.

Ceist: duine a ligeann orthu gur leo féin saothar a dhéanann IS

Bíonn IS ábalta réimse aschuir a tháirgeadh, ríomhphoist, aistí, ailt, íomhánna agus físeáin srl. san áireamh, ach ar mhaithe le saothar ardchaighdeáin a tháirgeadh, thiocfadh dó go mbeadh treoracha sainiúla atá cumtha go cúramach de dhíth. Go ginearálta, aithnítear gur uirlis atá in IS atá ábalta tacú le próiseas na scríbhneoireachta, ach nár chóir brath uirthi le haschur iomlán a tháirgeadh.

Má bhíonn duine go síoraí ag brath ar IS ar mhaithe lena chuid oibre ar fad a dhéanamh, agus má chuireann sé in iúl go ndearna sé féin an obair, caillfidh sé amach ar an deis lena chuid scileanna a chleachtadh agus a fhorbairt. Sa mhullach air sin, má bhíonn an duine i gcás nach bhfuil sé ábalta úsáid a bhaint as IS (scrúdú, mar shampla), b'fhéidir go mbeadh sé níos deacra air na torthaí céanna a tháirgeadh. I scoileanna agus in ollscoileanna, bítear ag súil leis nár chóir IS a úsáid ar an bhealach seo, agus bíonn cosaintí i bhfeidhm le hábhar atá ginte ag IS a aithint. Má chuireann mac léinn in iúl go bréagach gur leis féin an obair atá ginte ag IS, tá seans ann go mbeadh iarmhairtí ann mar thoradh, m.sh. go dteipfeadh ar an mhac léinn i modúil ar leith, nó go mbeadh an mac léinn caite amach as an chúrsa, agus eile. Is é an seasamh a bheadh ag an ollscoil, is dócha, gur mí-iompar acadúil atá i gceist. I dtimpeallacht phroifisiúnta, b'fhéidir go mbeadh drochthionchar ar chlú proifisiúnta duine agus ar na deiseanna a bheidh sé sa todhchaí, mar gheall ar ró-úsáid IS, nó má chuireann an duine in iúl gur leis féin obair atá ginte ag IS.

Má chuireann duine obair IS in iúl amhail is gur leis féin é, tá an seans ann go rachadh sin i bhfeidhm ar a chairde, baill teaghlaigh agus comhghleacaithe, daoine a shílfeadh go bhfuil ag éirí leis agus é ag plé lena mhol oibre. B'fhéidir go mbeadh tionchar ag na daoine seo fosta má fhaigheann siad amach go raibh IS á úsáid ar bhealach mífhóirsteanach ag an duine sin.

Níos forleithne ná sin, toisc nach ndéanann IS tagairt cheart i gcónaí don fhoinse as a dtáinig an fhaisnéis atá aici, tá an cheist ann nach bhfaigheann daoine creidiúint agus aithint as ucht an tsaothair a rinne siad. San fhadtéarma, má ligeann cuid mhór daoine orthu gur leo féin an obair a ghineann IS, thiocfadh leis sin tionchar a imirt ar eolas agus scileanna an fhórsa oibre nó an daonra.

Treoraíocht d'Oideoirí ar IS Eiticiúil.

Ceist: Réabhlóid oibre IS

Tá daoine buartha fán dóigh a rachaidh IS i bhfeidhm ar phoist sa todhchaí, agus is rud é seo ar chóir do dhaoine óga a bheith buartha faoi.

Do roinnt post, b'fhéidir go mbeidh IS ábalta ról an duine a dhéanamh chomh héifeachtach sin go nglacfaidh sé an ról sin. Mar shampla próisis a uathoibriú a bhí déanta de láimh go dtí seo, nó an éifeachtúlacht a fheabhsú chomh mór sin nach bhfuil an méid céanna daoine de dhíth le tasc a chríochnú nó le maoirseacht a dhéanamh air. Mar thoradh air sin, b'fhéidir go mbeadh ardú sa dífhostaíocht, go háirithe do phoist bunleibhéil.

É sin ráite, is dócha go gcruthóidh sé slite beatha nua a chruthófar ar mhaithe le teicneolaíocht IS a fhorbairt agus le maoirseacht a dhéanamh ar an teicneolaíocht sin. Chomh maith, de réir mar a dhéantar IS a fhorbairt níos faide, agus éiríonn an sochaí cleachta léi, b'fhéidir go n-amharcfar ar thionscail nó róil ina mbíonn daoine ar bhealach níos luachmhaire.

Bheadh an tionchar ar an tsochaí níos forleithne ag brath ar roinnt tosca, amhail an dóigh ar fhéadfaí daoine a oiliúint len iad féin a chur in oiriúint don tsochaí ina mairfidh siad mar aon le IS, an dóigh a ndéanann an rialtas úsáid IS a rialú, agus ar cé chomh mór agus a bhfaighidh grúpaí daoine rochtain ar an tacaíocht (mar shampla, ar scoil nó fríd oiliúint mhaoinithe) le cinnte a dhéanamh de go mbeidh deiseanna nua ar fáil agus inrochtana do chách ar bhonn cothrom.

Treoraíocht d'Oideoirí ar IS Eiticiúil.

Ceist: tionchar ar an chomhshaol

Éilíonn IS méid mhór fuinnimh agus bíonn cuid mhór uisce le húsáid le gur féidir le IS feidhmiú. Le múnlaí IS a oiliúint agus a chur ag rith, bíonn méideanna ollmhóra cumhachta de dhíth, agus is minic a dtagann sí as foinsí breosla iontaise.

Cé go mb'fhéidir nach sílfeadh roinnt úsáideoirí go bhfuil baint ar bith ann idir úsáid IS agus athruithe an chomhshaoil, thiocfadh leat a argóint go gcuirfeadh úsáid normalaithe IS le hastaíochtaí de gháis cheaptha teasa, rud a dhéanann sé níos deacra do thíortha a gcuid spriocanna a bhaint amach maidir le hastaíochtaí domhanda a laghdú, agus a chuireann leis an téamh domhanda agus an athrú aeráide, atá ag dul ar aghaidh go leanúnach.

Mar sin féin, bíonn na hargóintí ann go luíonn na freagrachtaí ó thaobh tionchar na dteicneolaíochtaí IS ar an chomhshaol a laghdú, leis na daoine a d'fhorbair an teicneolaíocht sin, seachas le daoine ar leith. Chomh maith, b'fhéidir go mbeadh tuilleadh brú ag teacht ó ghníomhaithe comhshaoil agus eolaithe comhshaoil, rud a spreagfadh forbairt teicneolaíochtaí atá níos éifeachtúla. Is iomaí sampla atá ann ina mbaintear úsáid as IS leis an comhshaol a chosaint nó le tacaíocht a thabhairt d'eolaíocht aeráide. Tá an chumas sa teicneolaíocht cuidiú leis an tionchar ó iompraíocht daoine ar fud an domhain a laghdú, agus teacht ar réitigh úra ar fhadhbanna timpeallachta.

Dhéanfadh cuid mhór daoine an argóint go mbeidh drochthionchar fadtéarmach ar an chomhshaol domhanda mar thoradh ar ró-úsáid IS, agus go gcuirfidh sin leis an ghéarchéim comhshaoil atá ann cheana féin. B'fhéidir gur mhian leat na foghlaimeoirí a chur i ngrúpaí beaga ina ndéanfaidh siad plé ar athruithe beaga a dtiocfadh leo a dhéanamh i dtaca le hídiú fríd IS. Mar shampla: cuardach traidisiúnta a úsáid nuair is féidir, nó iarratais ghairide éifeachtúla a dhéanamh ar IS, ag seachaint frásaí amhail "le do thoil" agus "go raibh maith agat", rud nach gcliseann ar fhreagraí nó feidhm IS, ach a mhéadaíonn riachtanais próiseála agus úsáid fuinnimh dá bharr sin.

Treoraíocht d'Oideoirí ar IS Eiticiúil.

Ceist: físeáin domhainbhrionnaithe

Mar gheall ar chumais IS, tá sí ábalta íomhánna macasamhlacha d'fhíordhaoine a chruthú atá réadúil, ina mbíonn siad ag rá agus ag déanamh rudaí nár dhúirt siad agus nach ndearna siad i ndáiríre. Ach, is iomaí duine a mheasann go bhfuil mí-úsáid IS i gceist anseo, agus is minic a dhéantar é gan chead nó le rún mioscaise.

Má dhéantar físeáin dhomhainbhrionnaithe dírithe ar dhuine ar leith, go háirithe má chuirtear an chuma ar an scéal go bhfuil sé nocht nó go bhfuil rud éigin mífhóirsteanach nó mídhleathach á dhéanamh aige, d'fhéadfadh sé go mothódh an duine míchompordach, leochaileach, gan chosaint, nó go bhfuil sé faoi ionsaí.

I gcásanna ar leith, thiocfadh leis seo dul i bhfeidhm ar chaidrimh duine le daoine eile, mar shampla, má bhí an físeán domhainbhrionnaithe cruthaithe nó roinnte ag duine a bhfuil aithne aige orthu, nó má chreidtear gur fíorfhíseán é agus go bhfuil tionchar aige sin ar an tuairim a bhíonn ag duine ar an íospartach.

Ós rud é go bhfuil a leithéid de theicneolaíocht IS ag éirí níos sofaisticiúla, b'fhéidir go mbeidh am ann nach mbeidh sé furasta do dhaoine idirdhealú a dhéanamh idir rud atá ginte ag IS agus rud éigin nach bhfuil. Cruthaíonn sé buarthaí eile atá an-dáiríre fosta, a bhaineann leis na cearta atá ag daoine maidir le híomhánna díobh, agus de réir a chéile, b'fhéidir go mbeidh daoine níos paranóidí fán mhéid a roinnfidh siad ar líne fúthu féin. B'fhéidir go bhfeicfeadh na foghlaimeoirí fosta go mb'fhéidir go mbíonn físeáin dhomhainbhrionnaithe, go háirithe iad siúd a bhfuil nádúr gnéasaithe acu, ag dul ar bhfeidhm ar mhná go háirithe agus go mbeadh drochthorthaí níos dáiríre ann dóibhsean nuair a dhéantar ionsaí orthu mar seo. B'fhéidir go mbunódh sé seo patrúin den ghnéasachas agus d'fhuath na mban, ina ndéantar oibiacht de mhná agus ina n-amharctar orthu ar bhealach is go bhfuil siad 'níos ísle' ná fir.

Gníomhaíocht: costais agus buntáistí

Am

30 bomaite

Cuspóir Foghlama

- Thig liom na costais agus na buntáistí a bhaineann le húsáidí éagsúla IS a luacháil, na costais comhshaoil, agus ceisteanna úinéireachta/cóipchirt san áireamh.

Ábhair

- Bileog ghníomhaíochta 'Scálaí' d'achan foghlaimeoir nó grúpa.
- Cártaí ar 'Úsáidí IS' deighilte ina dhá chuid, cuid a haon agus cuid a dó d'achan chás.

Treoracha molta don ghníomhaíocht

Sa ghníomhaíocht seo, pléitear an dóigh ar féidir le foghlaimeoirí cinneadh a dhéanamh i dtaca le cé chomh freagrach agus atá úsáid IS i gcásanna éagsúla fríd chostais agus buntáistí a mheas.

1. Mínigh d'fhoghlaimeoirí go bhfuil sé tábhachtach - más mian linn IS a úsáid go sábháilte agus go freagrach - go gcaithfidh muid cinneadh a dhéanamh i dtaca le buntáistí agus costais .i. 'an bhfuil na buntáistí níos mó nó na costais ró-ard?' B'fhéidir gur mhaith leat cur i gcuimhne do na foghlaimeoirí gurb í an chiall atá le "costas" sa phlé seo, ná na dochair nó míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann.
2. Roinn do chuid foghlaimeoirí ina ngrúpaí beaga agus tabhair cóip de na cártaí 'Úsáidí IS' dóibh. Déan cinnte de gan tabhairt dóibh ach na nithe atá de dhíth fá choinne cuid a haon den ghníomhaíocht ag an phointe seo, agus coinnigh cuid a dó ar mhaithe lena roinnt leis an ghrúpa ábhartha níos moille. Tabhair cóip den bhileog gníomhaíochta 'Scálaí' d'achan ghrúpa.
3. Iarr ar fhoghlaimeoirí léamh fríd achan chás agus a roghnú cad iad na buntáistí a bhaineann le húsáid IS sa chás sin, agus cad iad na costais a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis. Thiocfadh leo na smaointe seo a thaifeadadh ar an bhileog oibre 'Scálaí' s'acu.
4. Iarr ar foghlaimeoirí luacháil a dhéanamh maidir leis an cheist: an ea go bhfuil úsáid IS sa chás sin sábháilte freagrach, nó nach bhfuil. An bhfuil na buntáistí níos mó ná na costais? B'fhéidir go mbeadh orthu a chur san áireamh go mb'fhéidir go mbeadh roinnt buntáistí nó costais níos mó ná cinn eile.
5. I ndiaidh do na foghlaimeoirí a gcuid smaointe tosaigh a phlé agus a scríobh síos, tabhair dóibh an dara chuid den chás, as na cártaí 'Úsáidí IS'. An athraíonn sé seo na scálaí?
6. Tabhair na foghlaimeoirí le chéile mar ghrúpa iomlán leis an méid atá faighte amach acu a chur i láthair. Roinneann na daltaí na cásanna s'acu, na costais agus na buntáistí a d'aithin siad, agus an conclúid foriomlán a rinne siad. Ansin, thiocfadh leis na foghlaimeoirí eile vótáil a dhéanamh ar an ea go n-aontaíonn siad nó go n-easaontaíonn siad le conclúid an ghrúpa sin.

Gníomhaíocht: costais agus buntáistí

Bealaí le tacaíocht agus scafláil a thabhairt

Eiseamláirigh an ghníomhaíocht ach ceann amháin de na cásanna a roghnú agus oibriú fríd mar rang. Mar aon leis sin, thiocfadh leat an ghníomhaíocht 'Banc Smaointe' a chur ar fáil dóibh, ina dtugtar dóibh moltaí ar na costais agus buntáistí agus caithfidh siad na cinn a bhaineann lena gcás féin a roghnú.

Bealaí le dúshláin a thabhairt agus cur leis an fhoghlaim

Iarr ar fhoghlaimeoirí an cheist a ardaítear sa chás s'acu a fhiosrú tuilleadh. An athraíonn sé seo na scálaí? Mar mhalairt air sin, iarr ar foghlaimeoirí a gceisteanna eiticiúla IS féin a chruthú le cásanna ar leith a mbeidh ar dhaoine eile machnamh a dhéanamh orthu.

Cártaí ar úsáidí IS

Cás 1, Cuid 1

Postálann Róisín físeáin fána ceantar féin. Amharcann níos mó daoine ar a físeán i ndiaidh di IS a úsáid le rudaí a chur sna físeáin. Dar le Róisín, tá na huirlisí anois i bhfad níos fusa le húsáid agus tá cuma níos fearr orthu ná nuair a thosaigh sí ar dtús. Bíonn cuma réalaíoch air go ginearálta, ach is minic a chuireann sí rudaí nach bhfuil inchreidte, mar shampla, uair amháin chuid sí uachtar reoite ollmhór ar bharr siopa uachtair reoite sa cheantar áitiúil. Thosaigh roinnt ardáin ag cur marc lena cuid físeáin lena chur in iúl do dhaoine go léiríonn siad ábhar atá ginte le IS.

Cás 1, Cuid 2

Tá lucht féachana níos mó ag Róisín agus tugann neart daoine 'like' dá postálacha, agus roinneann siad iad. I roinnt tráchtanna a fuair sí, is léir nach bhfuil daoine cinnte fá cé chomh fíor nó bréagach agus atá an físeán. I bhfíseán amháin, chuir sí eagar air sa dóigh is go bhfásann na foirgnimh ina n-ilstóraigh spéire. Roinneadh an postáil sin ar ardán eile ina raibh neart daoine iontach diúltach faoi. Bíonn gean níos mó uirthi, agus mar sin de, faigheann sí margaí le brandaí agus iarrann gnólachtaí áitiúla uirthi físeán IS a chruthú dóibh. Ba mhaith le gnólacht amháin iarraidh ar Róisín an chuma a chur ar an scéal gur tháinig duine cáiliúil ar chuairt chuig an tsiopa. Ba mhaith le ceann eile go mbeadh an chuma ar an scéal go raibh táirgí an tsiopa ag brúchtadh amach an doras.

Cás 2, Cuid 1

Thosaigh Arjan a ghnólacht beag féin, agus díolann sé earraí ceardaíochta dá chuid féin. De réir mar a bhí níos mó díolacháin ann, rinne sé an cinneadh lena shuíomh idirlín féin a bhunú. Níl a fhios aige an dóigh le códú a dhéanamh nó grafaicí a dhearadh, agus mar sin de, d'úsáid sé uirlis IS le suíomh idirlín féin a thógáil dó, rud atá níos saoire ná duine a íoc lena dhéanamh. Bhí cuma iontach ar an tsuíomh, cé nár léigh sé na téarmaí agus coinníollacha uilig (mar go mbeadh sin iontach fadálach). Ar an ábhar sin, níl sé róchinnte an leis féin cóipcheart an chóid, nó an bhfuil an uirlis ábalta a chuid íomhánna a úsáid anois go bhfuil siad uaslódáilte aige.

Cás 2, Cuid 2

Bhí Arjan ag fáil cuid mhór díolachán fríd an tsuíomh idirlín s'aige, mar aon le cuid mhór ceisteanna fosta. Bhí mórán dá chuid ama á chaitheamh aige le freagra a thabhairt d'achan cheann, agus ar an ábhar sin, bhí níos lú ama aige lena chuid earraí ceardaíochta a dhéanamh. Mar sin de, cuireann sé bota comhrá IS lena shuíomh gréasáin. Tá an bota comhrá ábalta na buncheisteanna a chuirtear go minic air a fhreagairt, a bhaineann le rudaí amhail earraí a sheoladh nó a rianú, nó tá sé ábalta an cheist a chur ar aghaidh chuige munar féidir leis cuidiú leis an custaiméir. Anois, tá níos mó ama aige lena earraí a chruthú ionas go dtiocfadh leis níos mó díolachán a dhéanamh.

Cártaí ar úsáidí IS

Cás 3, Cuid 1

Nuair a bhí Jay greamaithe agus é ag iarraidh tús a chur lena aiste, bhain sé úsáid as IS le cuidiú leis. Scríobh sé tromlach an aiste agus ní raibh i gceist ach cúpla smaoineamh a fáil a chuidigh leis an aiste a thoiseacht. Munar úsáid Jay IS, ní bheadh an t-am aige le grád a fháil a bhí chomh maith sin. Thar am, d'úsáid Jay IS níos minice le cuidiú leis nuair a bhí sé i mbun scríbhneoireachta acadúla. Mothaíonn Jay nach mbeadh ag éirí chomh maith leis munar úsáid sé IS agus anois, bíonn sé deacair dó smaointe dá chuid féin a bheith aige. Bíonn sé in úsáid ag roinnt cairde de chuid Jay fosta, ach ní úsáideann cairde eile é, agus is cosúil go gcaitheann siadsan níos mó ama ar an obair scríbhneoireachta, ach bíonn níos mó ama ag Jay lena scíth a ligint.

Cás 3, Cuid 2

Nuair a bhí Jay ar an choláiste, ní dúirt na múinteoirí a dhath fán úsáid IS agus ní raibh Jay buartha faoi mar gheall air sin. Nuair a thosaigh sé ar an ollscoil, chuaigh Jay le hiompraíocht acadúil a phlé leis an ollscoil agus dúirt siad go mbeidh siad ag baint úsáid as uirlisí brathadóireachta IS. Chuala Jay, áfach, nach n-oibríonn siad seo go héifeachtúil. Bhí imscrúdú a dhéanamh ar chara Jay, darb ainm Archie, i dtaca le calaois acadúil. Bhí seo ag cur isteach go mór ar Archie, ós rud é nár chuala sé riamh fá IS agus bhí sé go mór ina héadan. Bhí seo mar chúis le roinnt teannais idir Jay agus Archie, mar go raibh a fhios ag Archie go n-úsáideann Jay IS ina chuid oibre ach níor thángthas riamh air. Dúradh le Archie, áfach, go bhfuil an seans ann gur theip air sa chúrsa agus go mbeadh air an ollscoil a fhágáil. Ar ollscoil, is gá dóibh tagairtí a dhéanamh ina gcuid oibre, agus ar an ábhar sin, thosaigh Jay ag baint úsáid as IS le tagairtí a aimsiú ar mhaithe len iad a úsáid ina chuid scríbhneoireachta. Uaireanta, cumann an uirlis iad seo, ach bíonn siad fíor in uaireanta eile.

Cártaí ar úsáidí IS

Cás 4, Cuid 1

Úsáideann Elijah IS le freagraí a fháil ar cheisteanna. Ba ghnách leis inneall cuardaigh a úsáid, ach tugann IS freagra dó go tobann gan é a bheith ag cliceáil fríd shuíomh idirlín. Chomh maith leis sin, bíonn an claonadh air rudaí a chur i bhfocal ar bhealach atá intuigthe go furasta, cosúil leis an uair ar mhaith leis gnáthamh cúraim craicinn a oibriú amach. Insíonn cara dá chuid dó go n-úsáideann IS i bhfad níos mó fuinnimh ná inneall cuardaigh, agus go mb'fhéidir nach dtagann seo ó fhoinsí inathnuaite. Cluineann sé fosta go n-úsáideann sé cuid mhór uisce ar mhaithe leis na hionaid sonraí a fhuarú.

Cás 4, Cuid 2

Bhí an bota comhrá chomh húsáideach sin, go dtosaíonn Elijah ag baint úsáid as fá choinne ceisteanna atá níos pearsanta. Nuair a mhothaigh sé in ísle brí ar feadh tréimhse, labhair sé le IS faoi. Thug an IS moltaí dó le déanamh ionas go mothódh sé níos fearr, agus dúirt sí gur féidir leis labhairt léi i gcónaí. Mhothaigh Elijah níos fearr ag an am, agus anois, téann sé ar ais chuici nuair a bhíonn sé in ísle brí. Dar leis go mbíonn sí caoithiúil cairdiúil. Uaireanta, thiocfadh léi a bheith chomh caoithiúil sin go n-aontaíonn sí le cibé rud a deir Elijah, fiú amháin má bhíonn sé ag magadh agus má insíonn sé rudaí le IS a bhfuil a fhios aige nach bhfuil ceart. Síleann Elijah go mbíonn sé greannmhar nuair a aontaíonn sí leis na rudaí amaideacha seo, ach shíl sé fosta go mbeadh sé níos deacra ar dhuine níos óige nó níos spleáiche ar IS a aithint go dtig leis na freagraí a bheith dochrach.

Cás 5, Cuid 1

Tá Holly mar chuid de ghrúpa de lucht leanúna an chláir teilifíse is fearr léi. Is minic a úsáideann daoine an grúpa le healaín atá déanta ag daoine den lucht leanúna a phostáil. Chruthaigh Holly ealaín dá cuid féin a léiríonn na carachtair is fearr léi. Bhain sí úsáid as IS lena dhéanamh, rud a luann sí ina foscríbhinn. Is iomaí duine a bhain sult as an stíl atá roghnaithe aici agus bhí siad ag iarraidh go ndéanfadh sí níos mó ealaíne ina bhfuil na carachtair is fearr leo. Rinne cúpla duine trácht agus deir siad gur goideadh an stíl ealaíne ó ealaíontóir eile gan chead. Foghlaimíonn Holly ó na tráchta go ndearnadh IS atá in úsáid aici a oiliúint ag baint úsáid as cuid mhór íomhánna ar ann dóibh cheana féin. Is minic a ghlactar na híomhánna seo gan fios a bheith acu. Tá ealaíontóir amháin ann, fiú, a shínigh achainí in éadan IS a bheith ag baint úsáid as a chuid íomhánna ar an dóigh seo. Níl airgead ar bith á shaothrú ag Holly ó na híomhánna, agus níl sí á ndéanamh ach ar mhaithe le spraoi.

Cás 5, Cuid 2

Tá físeáin den chlár á bpostáil ag roinnt daoine, físeáin nach bhfaca Holly roimhe. Ón mhéid a chonaic sí scríofa ag daoine i dtráchtanna, síleann Holly go n-úsáidtear IS leis na físeáin a dhéanamh. Níl clib orthu lena chur in iúl gur baineadh úsáid as IS, áfach. Cuimhníonn sí go ndeachaigh aisteoirí ar stailc mar gheall nár tugadh dearbhú dóibh nach mbeidh a nguth nó a gcuma in úsáid le múnlaí IS a oiliúint gan chead - bhí siad buartha go mbeadh IS ag teacht ina n-ionad. Mar gheall go n-úsáideann roinnt daoine sa ghrúpa IS ó fhoinse oscailte, b'fhéidir go ndearnadh é a oiliúint le fíorghrianghraif agus fíorfhíseáin de na haisteoirí seo ar mhaithe leis na híomhánna a chruthú gan chead. Tá roinnt de na físeáin seo gnéasach go leor, rud nach raibh mar chuid den chlár teilifíse riamh. Tá an chuma chéanna orthu agus atá ar charachtair an chláir, agus shílfeá go bhfuil siad fíor mar sin de.

Scálaí



Banc smaointe

Furasta le húsáid

Cuma réadúil

Scileanna ag IS nach bhfuil agat féin

Costas íseal nó saor in aisce

Sábhálann sí am

Tugann sí smaointe

Gasta

Furasta le tuiscint

Spraíúil

Tugtar cead do dhuine a bheith cruthaitheach

B'fhéidir go roinnfeadh sí eolas bréagach

B'fhéidir go nglacfadh sí post daoine

B'fhéidir go ndéanfadh sí faisnéis phearsanta a stóráil

Úsáidtear ealaín agus ábhar gan cead a fháil

B'fhéidir go n-éireodh daoine róspleách uirthi

Tionchar ar an Chomhshaol

Coinníonn sí daoine ó bheith ag lorg tacaíochta

Moltaí nach bhfuil sábháilte

Toil



Gníomhaíocht: claontacht in IS

Am

30 bomaite

Cuspóir Foghlama

- Thig liom cur síos ar an dóigh a bhfaigheann IS claontacht ó thacair sonraí lena ndearnadh é a oiliúint agus thig liom an t-eolas seo a úsáid le cur le mo thuiscint féin ar theicneolaíocht IS.

Ábhair

- Sleamhnáin a théann le 'Claontacht in IS'
- Claontacht in IS - Treoraíocht d'Oideoirí (roghnach).

Rabhadh fán ábhar:

Sa ghníomhaíocht seo, déantar plé ar shamplaí den leatrom go stairiúil agus inniu, an ciníochas san áireamh. Cuireadh na samplaí seo san áireamh ar mhaithe le tuilleadh tuisceana a spreagadh ar an dóigh a mbíonn an chlaontacht sa teicneolaíocht úr ag dul i bhfeidhm ar ghrúpaí áirithe barraíocht. B'fhéidir gur mhian leat smaoineamh fá chosaintí éagsúla a thacaíonn le foghlaimeoirí a bhfuil taithí acu ar na ceisteanna seo.

Tabhair fá deara, tá leagan den rabhadh seo tugtha ar shleamhnán 14 agus molann muid d'oideoirí é seo a roinnt leis na foghlaimeoirí sula tugtar fán ghníomhaíocht.

Treoracha molta don ghníomhaíocht

Do na foghlaimeoirí, tugann an ghníomhaíocht seo isteach samplaí éagsúla den claontacht in IS, agus spreagann sí iad le bheith ag smaoineamh fán tionchar a thiocfadh leis seo imirt ar chúrsaí.

1. Taispeáin sleamhnán 15. Ar dtús, fiafraigh díobh an dtuigeann siad an chiall atá leis an fhocal 'claontacht', ansin cliceáil leis an tsainmhíniú a léiriú.
2. Taispeáin sleamhnán 16 agus léigh amach roinnt samplaí den chlaontacht le míniúchán níos faide a thabhairt, agus le comhthéacs a thabhairt i dtaca le dearadh teicneolaíochta agus an dochar a d'fhéadfadh sin a dhéanamh.
3. Taispeáin sleamhnán 17 agus fiafraigh de na foghlaimeoirí an bhfuil samplaí ar bith acu den chlaontacht atá le fáil in IS. Cliceáil ar mhaithe leis an dóigh a dtiocfadh leis an chlaontacht a bheith i láthair in IS.
4. Roinn do chuid foghlaimeoirí ina ngrúpaí beaga agus d'achan ghrúpa, tabhair cóip de cheann amháin de na samplaí den Chlaontacht in IS ar shleamhnáin 19 go 25. Taispeáin sleamhnán 18. Iarr ar fhoghlaimeoirí plé a dhéanamh ar na ceisteanna a léirítear ar an tsleamhnán seo i dtaca leis an tsampla den chlaontacht in IS a tugadh dóibh. Ansin, oibrigh fríd na sleamhnáin 19 go 25, ag iarraidh ar na foghlaimeoirí an méid atá pléite acu fá achan sampla a roinnt. Thig leat an Treoraíocht d'Oideoirí 'Claontacht in IS' a úsáid le cuidiú leat maidir leis na comhráite seo.

Gníomhaíocht: claontacht in IS

Treoracha molta don ghníomhaíocht

5. Iarr ar na foghlaimeoirí machnamh ar na samplaí éagsúla den chlaontacht in IS. Iarr orthu plé a dhéanamh ar an dóigh a dtiocfadh le IS tionchar a imirt ar an tsochaí níos forleithne, agus é a achoimriú. Má bhíonn siad ag streachailt leis an chomhrá seo, iarr orthu machnamh a dhéanamh ar na pointí a leanas:

- Éagothroime sa tsochaí
- Daingniú steiréitíopaí
- Buarthaí eitice agus dlíthiúla
- Tionchair eacnamaíocha
- Tionchair gnó
- Tionchair ar shláinte agus sábháilteacht
- Folláine Pearsanta

6. Bain úsáid as sleamhnán 26 le míniú a thabhairt i dtaca leis an dóigh a dtiocfadh le IS tionchar a imirt ar an tsochaí níos forleithne.
7. Mínigh do na foghlaimeoirí go mbíonn sé tábhachtach d'fhorbróirí agus ríomhchláraitheoirí IS iarracht a dhéanamh an chlaontacht san IS a laghdú. Mar shampla, thiocfadh leo múnlaí IS a oiliúint ar bhealach is go mbeadh níos lú claontachta le sonrú sna torthaí. Ach é sin ráite, thig le gnáthúsáideoirí laethúla IS a gcuid a dhéanamh fosta le haghaidh a thabhairt do chlaontacht IS. Iarr ar na foghlaimeoirí smaoineamh ar an rud a thiocfadh le húsáideoirí laethúla a dhéanamh, dar leo. I ndiaidh plé a dhéanamh agus roinnt freagraí a ghlacadh, thig leat sleamhnán 27 a úsáid le dul fríd na freagraí.

Bealaí le tacaíocht agus scafláil a thabhairt

In áit na cásanna a thabhairt amach do na foghlaimeoirí, roghnaigh roinnt acu, na cinn is ábhartha nó is inrochtana do na foghlaimeoirí, agus déan iad a fhiosrú le chéile.

Nó mar mhalairt air sin, iarr ar na foghlaimeoirí scála a tharraingt ar phíosa páipéir i ndíseanna, ó 'níl sé dochrach' go 'iontach dochrach'. Ansin, tabhair amach cóipeanna gearrtha amach de na Cártaí 'Claontacht in IS' Iarr ar foghlaimeoirí achan sampla a léamh agus cinneadh a dhéanamh i dtaca le cibé áit a gcuirfeadh siad é ar an scála. Iarr ar ghrúpaí éagsúla míniú a thabhairt i dtaca leis an áit a bhfuil samplaí ar leith curtha ar an scála.

Bealaí le dúshláin a thabhairt agus cur leis an fhoghlaim

Tabhair dúshlán do na foghlaimeoirí liosta prionsabal a chur le chéile d'fhorbróirí IS le cloí leo, a laghdóidh an chlaontacht i gcórais IS.

Claontacht in IS - **Treoraíocht d'Oideoirí**

I réimse na sláinte, is minic nach ndéantar go leor ionadaíochta ar mhionsonraí a bhaineann le mná agus grúpa mionlaigh, le diagnóis ríomhchuidithe mar shampla, rud a fhágann nach mbíonn go leor mionsonraí ann le diagnóis iomlán cruinn a thabhairt dóibh in uaireanta.	• B'fhéidir go dtabharfadh córais torthaí nach bhfuil cruinn fá choinne roinnt grúpaí d'othair. • Mar thoradh air seo, tá seans nach dtabharfaí diagnóis go leor uaireanta do dhaoine atá i ngrúpaí áirithe. • Mar gheall ar mhídhiagnóisiú, b'fhéidir go mbeadh an chóir leighis chontráilte tugtha do dhaoine, go mbeadh níos mó dochair déanta dá sláinte, agus go mbeadh báis inseachanta ann.
Nuair a úsáidtear IS le scanadh CVanna a chuíchóiriú le cuardach a dhéanamh agus iarrthóirí a aimsiú don phost, iarrtar eolas agus faightear réidh le freagraí - ach thiocfadh dó go mbeadh torthaí éagothroma ann thar ghrúpaí éagsúla daoine. Mar shampla, b'fhéidir go meallfadh foclaíocht ar leith sa cur síos poist níos mó fir ná mná.	• Thiocfadh leis seo buntáiste a thabhairt d'fhir thar mhná, maidir le róil ar leith. • Daingníonn sé seo bearnaí ar leith san áit oibre agus tugann sé míbhuntáiste do mhná – b'fhéidir nach mbeadh mná ábalta níos lú deiseanna a fháil ar son dul chun cinn agus arduithe pá. • Mar thoradh air seo, b'fhéidir go mbeadh fórsaí oibre ar leith déanta d'fhir den chuid is mó. • B'fhéidir do ndéanfaí neamhaird do pholasaithe oibre ionchuimsitheacha más fir atá ina mbaill den fhórsa oibre, den chuid is mó. • B'fhéidir go gcruthódh sé timpeallacht san áit oibre nach bhfuil cairdiúil agus tacúil do mhná.
Nuair a bhaintear úsáid as gineadóirí IS íomhánna nó ealaíne, is minic a chuireann siad chun cinn steiréitíopaí seanchaite agus dochracha. Mar shampla, is minic a léirítear dlíodóirí, dochtúirí agus breithimh ina bhfir gheala. Chomh maith, b'fhéidir go léireodh dé íomhánna de ghrúpaí ar leith daoine (m.sh. daoine LADTA+) ar bhealach steiréitipiciúla (m.sh. fir aeracha mar fhir fholláine, nó a chaitheann éide baininscneacha, nó mná aeracha le fáinní sróine agus gruaig bhearrtha, agus daoine déghnéasacha agus neamh-dhénártha le gruaig dhaite).	• Thiocfadh leis seo steiréitíopaí fán inscne a dhaingniú san áit oibre, rud a chuirfeadh chun cinn an smaoineamh nach mbíonn na poist seo oiriúnach do mhná. • B'fhéidir go mbeadh daoine nach ndéantar ionadaíocht dóibh in íomhánna ag mothú go bhfuil neamhaird á dhéanamh orthu, agus nach gcloíonn siad na noirm an tsochaí, agus b'fhéidir go mbeadh drochthionchar aige seo ar a bhféinmheas agus a bhféiniúlacht. • B'fhéidir go mbeadh na híomhánna seo atá ginte le IS foilsithe go forleathan, agus go rachadh siad a fhad le daoine go gasta, agus mar sin de, b'fhéidir go ndaingneofaí na steiréitíopaí seo níos forleithne sa tsochaí, agus go nglacfaí leo.

Claontacht in IS - **Treoraíocht d'Oideoirí**

D'fhéadfadh uirlisí póilíneachta atá cumhachtaithe ag IS le tuar a dhéanamh i leith ceantair ina bhfuil sé níos dóchúla go dtarlódh coireacht. Is minic a bhíonn sé ag brath ar mhionsonraí fá ghabhálacha a bhí ann roimhe seo. I measc na mionsonraí stairiúla seo, b'fhéidir go mbeadh eachtraí ina ndíríodh ar dhaoine de dhath go héagothrom, ina gcúisíodh iad mar thoradh ar an réamhchlaontacht.	• Mar gheall go mbíonn patrúin chlaonta sna mionsonraí, bheadh an chlaontacht á buanú, agus bheadh daoine de dhath thíos leis go díréireach. • B'fhéidir go leanfaí le tuairimí réamhchlaonta gur dóchúla go ndéanann daoine as grúpaí ar leith coireanna, nó go bhfuil rátaí níos airde coiriúlachta i gceantair ar leith mar gheall ar na daoine a chuireann fúthu ansin. • B'fhéidir go gcuirfí coireanna ar leith daoine nach ndearna iad, agus go mbeadh siad daortha.
Anois, léirítear i dtaighde nach mbíonn an teicneolaíocht IS aghaidh-aitheanta chomh iontaofa fá choinne daoine de dhath, mná agus daoine neamh-dhénártha.	• B'fhéidir go mbeadh na tionchair seo éagsúil, ag brath ar an dóigh a n-úsáidtear an teicneolaíocht. • Má úsáidtear an teicneolaíocht ar ghléas pearsanta, b'fhéidir nach mbeadh sé chomh héifeachtach do na grúpaí seo, rud a chruthaíonn míchaoithiúlacht, frustrachas, agus an mothú go bhfuil duine imeallaithe. • Má úsáidtear an teicneolaíocht i bhforfheidhmiú an dlí, b'fhéidir go mbeadh sé dírithe ar dhaoine sna grúpaí seo ar bhealach éagothrom, b'fhéidir go mbeadh siad próifílithe, nó go mbeadh iarmhairtí ann dóibh ó thaobh an dlí de, fiú amháin muna ndearna siad a dhath.

Claontacht in IS - **Treoraíocht d'Oideoirí**

Is féidir go mbíonn teicneolaíocht IS guth-aitheanta a bhíonn in úsáid i gcórais comhrá IS claonta in éadan blasanna cainte agus canúintí ar leith. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh cúntóirí IS ag streachailt le cainteoirí neamhdhúchais nó le blasanna cainte réigiúnacha. Bhí cásanna ann fosta ina raibh sí ag streachailt le guthanna atá níos géire nó níos análaí, agus mar thoradh air, nach dtuigeann sí úsáideoirí atá ina mná, níos minice.	• Thiocfadh leis seo é a dhéanamh níos deacra do roinnt daoine na teicneolaíochtaí seo a úsáid, agus bheadh eispéireas úsáideora ann a churieann frustrachas ar dhuine. • Thiocfadh leis an smaoineamh a chur chun cinn go mbíonn daoine a bhfuil blas cainte níos neodraí acu 'normálta' sa tsochaí agus nach mbíonn daoine le blasanna cainte nó canúintí níos réigiúnaí chomh tábhachtach céanna, agus nár chóir tús áite a thabhairt dóibh agus an teicneolaíocht á dearadh. • Chomh maith leis sin, cuireann sé an smaoineamh chun cinn maidir le domhan atá lárnaithe ar fhir agus ina bhfuil an lámh in uachtar ag fir, ina bhfuil an tromlach ag fir nuair a bhíonn eispéireas úsáideora i gceist.
I dtaighde, fuarthas amach go mbíonn IS go fóill ag tabhairt breithiúnais ar bhealach claonta fá dhaoine a labhraíonn Béarla na Meiriceánach Afracach, fiú amháin má dhéantar í a ríomhchlárú le hoiliúint frithchiníochais. Dar leis an mhúnla, bíonn lucht labhartha na canúna sin "amhrasach", "trodach", "callánach" agus "drochbhéasach".	• • Cuireann sé seo chun cinn dearcthaí ciníocha agus thiocfadh leis sin dochar agus buaireamh a chur chun cinn maidir le daoine Meiriceánacha Afracacha, a fheiceann IS ag díriú orthú ar an dóigh seo, chomh maith le peirspictíochtaí mar seo a normalú. • • Is féidir cur síos ar an chineál ciníochais seo mar chiníochas "ceilte", a bhfuil sé níos deacra é a aithint, nó atá i bhfolach níos mó nó atá níos caolchúisí. Mar gheall air seo, b'fhéidir nach n-aithneodh daoine go bhfuil na samplaí seo ciníoch, rud a fhaigheann réitithe d'eispéireas saoil agus leatrom na ngrúpaí seo atá imeallaithe

Cártaí ar Claontacht in IS

I réimse na sláinte, bhíodh staidéir leighis dírithe go formhór ar fhir gheala, agus mar sin de, bíonn níos lú eolais ann fá mhná nó daoine as grúpaí mionlaigh, agus ar an dóigh a n-oibríonn leigheas don othar, nó an dóigh a mbíonn siomptóim acu.

Maidir le córais IS a mbaintear úsáid astu i réimse na sláinte, fuarthas go dtugann siad torthaí le níos lú cruinnis d'othair Mheiriceánacha Afracacha, i gcomparáid le hothair gheala, mar shampla. Mar gheall ar mhídhiagnóisiú, b'fhéidir go mbeadh an chóir leighis chontráilte tugtha do dhaoine, go mbeadh níos mó dochair déanta dá sláinte.

Uaireanta, bainfaidh fostóirí úsáid as IS le scanadh gasta a dhéanamh fá choinne CVanna, agus leis na hiarrthóirí is fearr a fháil, nó le post a fhógairt ar mhaithe le hiarrtóir ar leith a fáil. Ach, is féidir le focail ar leith a chuirtear isteach sna cuir síos poist a buntáiste a thabhairt d'fhir thar mhná.

Thiocfadh leis seo buntáiste éagothrom a thabhairt d'fhir maidir leis an phost, agus mar thoradh, b'fhéidir go mbeadh barraíocht fear san fhórsa oibre.

Thig le gineadóirí íomhánna IS íomhánna a chruthú de rud éigin go gasta, i ndiaidh eolas a thabhairt dóibh (m.sh. dochtúir). Ach, is féidir go ndaingníonn siad steiréitíopaí dochracha. Mar shampla, is minic a léirítear dlíodóirí, dochtúirí agus breithimh ina bhfir gheala. Chomh maith, b'fhéidir go léireodh dé íomhánna de ghrúpaí ar leith daoine (m.sh. daoine LADTA+) ar bhealach steiréitipiciúla (m.sh. fir aeracha mar fhir fholláine, nó a chaitheann éide baininscneacha, nó mná aeracha le fáinní sróine agus gruaig bhearrtha, agus daoine déghnéasacha agus neamh-dhénártha le gruaig dhaite).

Thiocfadh leis seo steiréitíopaí fá dhaoine dochracha a dhaingniú, agus b'fhéidir nach mbeidh ionadaíocht cheart déanta do ghrúpaí ar leith, nó go mothóidh siad mímhuiníneach nó ligthe i ndearmad.

D'fhéadfadh uirlisí póilíneachta atá cumhachtaithe ag IS le tuar a dhéanamh i leith ceantair ina bhfuil sé níos dóchúla go dtarlódh coireacht. Is minic a bhíonn sé ag brath ar mhionsonraí fá ghabhálacha a bhí ann roimhe seo. I measc na mionsonraí stairiúla seo, b'fhéidir go mbeadh eachtraí ina ndíríodh ar dhaoine de dhath go héagothrom, ina gcúisíodh iad mar thoradh ar an réamhchlaontacht.

Thiocfadh leis seo patrúin den phróifíliú ciníoch atá ann cheana féin a dhaingniú, agus cur leis na péas ag díriú ar dhaoine as pobail mhionlaigh, fiú amháin muna ndearna siad a dhath.

Anois, léirítear i dtaighde nach mbíonn an teicneolaíocht IS aghaidh-aitheanta chomh iontaofa fá choinne daoine de dhath, mná agus daoine neamh-dhénártha.

Má úsáidtear an teicneolaíocht i bhforfheidhmiú an dlí, b'fhéidir go mbeadh sé dírithe ar dhaoine sna grúpaí seo ar bhealach éagothrom, nó go mbeadh iarmhairtí ann dóibh ó thaobh an dlí de, fiú amháin muna ndearna siad a dhath. Mar thoradh air seo, b'fhéidir go mbeadh míshuaimhneas orthu nó go gcaithfí go holc leo.

Is féidir go mbíonn teicneolaíocht IS guth-aitheanta a bhíonn in úsáid i gcórais comhrá IS claonta in éadan blasanna cainte agus canúintí ar leith. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh cúntóirí IS ag streachailt le cainteoirí neamhdhúchais nó le blasanna cainte réigiúnacha.

Thiocfadh leis seo é a dhéanamh níos deacra do roinnt daoine na teicneolaíochtaí seo a úsáid, agus bheadh eispéireas úsáideora ann a churieann frustrachas ar dhuine.

I dtaighde, fuarthas amach go mbíonn IS go fóill ag tabhairt breithiúnais ar bhealach claonta fá dhaoine a labhraíonn Béarla na Meiriceánach Afracach, fiú amháin má dhéantar í a ríomhchlárú le hoiliúint frithchiníochais. Dar leis an mhúnla, bíonn lucht labhartha na canúna sin "amhrasach", "trodach", "callánach" agus "drochbhéasach".

Cuireann sé seo chun cinn dearcthaí ciníocha agus thiocfadh leis sin dochar agus buaireamh a chur chun cinn maidir le daoine Meiriceánacha Afracacha, a fheiceann IS ag díriú orthu ar an dóigh seo, chomh maith le peirspictíochtaí mar seo a normalú.

Gníomhaíocht: Forógra IS

Am

45 bomaite, le ham ina dhiaidh le heolas a bhailiú agus an forógra a chríochnú.

Cuspóir Foghlama

- Thig liom tacú le daoine eile le IS a úsáid go sábháilte agus go freagrach.

Ábhair

- Na sleamhnáin a ghabhann le 'Forógra IS' (sleamhnáin 28 go 34).
- Teimpléad 'Forógra IS' (roghnach).

Treoracha molta don ghníomhaíocht

Ligeann an ghníomhaíocht seo d'fhoghlaimeoirí guthanna na hóige a bhailiú ó fhoghlaimeoirí eile sa tsuíomh, agus an méid a fhaigheann siad amach fríd an phobal a shoiléiriú.

Nótaí d'oideoirí:

Don ghníomhaíocht seo, is gá do na foghlaimeoirí labhairt le daoine óga eile ina suíomh. Ar an ábhar sin, déan cinnte de go leanfar nósanna imeachta cumhdaigh ar bith de chuid an tsuímh a bheas ábhartha leis an ghníomhaíocht seo. Tá sé tábhachtach machnamh ar an bhealach is fearr leis na pléite seo idir phiaraí a éascú chomh maith leis na céimeanna atá le glacadh le daoine óga a chosaint i do shuíomh, m.sh. cinnte a dhéanamh de go mbíonn ball foirne i láthair i gcónaí. Thig leat dul i gcomhairle leis an oifigeach/duine ainmnithe le cuidiú a fháil anseo.

1. Taispeáin sleamhnán 29 agus iarr ar fhoghlaimeoirí cé acu duine/daoine ar chóir ionchur a bheith acu ar an dóigh a bhforbraítear an teicneolaíocht agus na rialacha a bhaineann léi. B'fhéidir go molfadh siad leithéidí forbróirí agus rialtais. Tarraing amach an smaoineamh gur chóir go mbeadh na daoine iad féin a úsáideann an teicneolaíocht a bheith ábalta aischothú a thabhairt i dtaca léi, agus má bhíonn daoine óga ag baint úsáid as an teicneolaíocht, ba chóir go mbeadh siadsan ábalta an tuairim s'acu a thabhairt.
2. Taispeáin sleamhnán 30 agus mínigh dóibh go bhfuil an ceart acu go n-éistear lena dtuairim i dtaca le cúrsaí a théann i bhfeidhm orthu (an teicneolaíocht san áireamh). Ar an tsleamhnán, léirítear codanna den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh de chuid na NA a bhaineann leis seo. Mínigh do na foghlaimeoirí go bhfuil na cearta seo scríofa ag na NA agus gur tháinig siad i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 1992. Léigh amach d'fhoghlaimeoirí na cearta atá acu agus mínigh dóibh gur chóir go dtugtar tús áite do leas an pháiste in achan chinneadh agus gníomh a dhéantar a imríonn tionchar ar pháistí. Nuair a scríobhadh an Coinbhinsiún, ní raibh a fhios ag aon duine go mbeadh ról chomh mór sin ag an domhan ar líne ar shaol an pháiste. Mar sin de, sa bhliain 2021, rinne na NA an cinneadh go mbaineann cearta leanaí leis an domhan dhigiteach fosta.

Gníomhaíocht: Forógra IS

Treoracha molta don ghníomhaíocht

3. Taispeáin sleamhnán 31 agus mínigh do na foghlaimeoirí go bhfuil siad ag dul smaointe agus taithí daoine óga maidir le IS, agus tacaíocht ar bith a ba mhaith leo, a bhailiú. Bainfidh siad úsáid as seo le forógra a chruthú ar thodhchaí don IS agus ar an chuma a ba chóir a bheith air. Beidh an deis acu é seo a roinnt go forleathan.

   NB: B'fhéidir gur mhaith leat a mhíniú níos faide gurb é atá i gceist le forógra ná bailiúchán smaointe agus gníomh ar thopaic, agus léirigh dóibh **sampla d'fhorógra páistí** fá choinne todhchaí don IS, arna óstáil ag an **Children and AI Team ag 'The Alan Turing Institute'.**

   Taispeáin sleamhnán 32. Mínigh gurb é an chéad rud a bheidh de dhíth ar na foghlaimeoirí ná fáil amach fán dóigh a mothaíonn daoine óga sa tsuíomh fá IS agus fá thacaíocht ar bith a ba mhaith leo a bheith ar fáil. B'fhéidir gur mhian leat a eagrú cé acu daoine óga a bheadh mar urlabhraithe ar a son, nó b'fhéidir gur mhian leat a gcuid smaointe a fháil ar an dóigh a labhródh siad le daoine óga eile sa tsuíomh. Ansin, caithfidh siad cinneadh a dhéanamh maidir leis na ceisteanna ar mhaith leo a chur orthu. Tugann an sleamhnán smaointe fá thopaicí má bhíonn tacaíocht ar bith de dhíth leo leis seo.

4. Chomh luath agus a bhíonn na ceisteanna ar mhaith leo a chur socruithe, ba chóir dóibh cinneadh a dhéanamh i dtaca leis an eolas a fhaigheann siad. Taispeáin sleamhnán 33 a bhfuil roinnt smaointe acu ar an dóigh a dtiocfadh leo an t-eolas a roinnt. Cuir i gcuimhne dóibh gur chóir dóibh machnamh ar cé acu lucht sprice ar mhaith leo é a roinnt leo, agus ar an dóigh is fearr le dul i dteagmháil leo.

5. Taispeáin sleamhnán 34 agus cur i gcuimhne é seo leis na foghlaimeoirí: nuair a labhraíonn siad leis na daoine óga, má deirtear rud ar bith leo a chuireann buaireamh orthu nó a thugann le fios go bhfuil an duine i gcontúirt, nár chóir an rud sin a choinneáil faoi rún, agus gur chóir é a thuairisciú leis an cheannaire/duine ainmnithe atá freagrach as cumhdach leanaí, nó labhairt le duine fásta má bhíonn tuilleadh tacaíochta de dhíth fán rud a dúradh leo. Thig leat sleamhnán 34 a chur in eagar in ainm an duine ainmnithe freagrach as cumhdach leanaí.

6. Beidh tuilleadh ama de dhíth ar fhoghlaimeoirí ansin le guthanna na ndaoine óga sa tsuíomh a bhailiú, agus a bhforógra a chruthú.

Bealaí le tacaíocht agus scafláil a thabhairt

Tabhair teimpléad an fhorógra do na foghlaimeoirí lena gcuid smaointe a bhailiú. Tá ceisteanna ann lena dtreorú le ceisteanna a chur.

Bealaí le dúshláin a thabhairt agus cur leis an fhoghlaim

Iarr ar fhoghlaimeoirí dhá lucht sprice ar mhaith leo go bhfeicfeadh siad an forógra m.sh. tuismitheoirí agus cúramóirí, agus an rialtas a aontú. Ba chóir dóibh dhá leagan dá bhforógra a chruthú ansin atá in oiriúint go speisialta don dá lucht sprice. Ba chóir dóibh machnamh ar an eolas a bheas is úsáidí d'achan lucht sprice, agus más ga dóibh an tón a athrú.

Teimpléad 'Forógra IS'

..... **Forógra ar an Todhchaí don IS**

Cad é a mbaineann na daoine óga sult as maidir le IS?

.....

.....

.....

.....

.....

Cad iad na buarthaí atá ag daoine óga maidir le IS?

.....

.....

.....

.....

.....

Cé acu athruithe a ba mhaith le daoine óga a fheiceáil maidir le húsáid agus forbairt IS?

.....

.....

.....

.....

An dtiocfadh leat cuidiú le daoine le IS? Cad é a thiocfadh leo a dhéanamh?

.....

.....

.....

.....

.....